



School Gardening
Resources

PRIMARY LEVEL

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

Biatas ag Fás sa Scoil





Am na Bliana

Aibreán, Bealtaine

Aidhm

A léiriú do pháistí conas biatas a fhás agus a bhaint

Acmhainní a theastaíonn

Síolta orgánacha de chineál luath biatais mar 'Boltardy', rialóir, tráidirí modúlach, múirín saor ó mhóin, buidéal plaisteach le poill sa chlúdach le haghaidh uisce, lipéid.

Ábharthacht Thras-Churaclaim

OSIE: Rudaí beo, taiscéal/taighde, taifeadadh, breathnú
Mata: Tomhas, taifeadadh, foghlaim ghníomhach
Lítearthacht: Focail nua, scríbhneoireacht, litriú
Ealaín: Ag déanamh comharthaí, grianghraif
Curaclam Neamhfhoirmiúil: Food Dudes, Bia Sláintiúil Discover Primary Science



Ag cur

Cuir i dtráidirí modúlacha múirín saor ó mhóin taobh istigh ar leac fuinneoige i mí an Mhárta de réir teoracha ar an bpaicéad. Cuir síol amháin in aghaidh an mhodúil thart ar 2.5cm ar doimhne. Uisce le spraeire mín ón mbuidéal plaisteach.



Iarchúram

Ní tháirgeann cineálacha monogairm ach síológ amháin in aghaidh an tsíl. Mar sin féin, táirgeann an chuid is mó de shíol biatais 3 go 5 síológ. Thín iad seo le síológ amháin chomh luath tar éis péacadh agus is féidir.

Tar éis thart ar 3 nó 4 seachtaine cruaithe as na síológa sula ndéantar iad a phlandáil lasmuigh i mboscaí fuinneoige nó leapacha ardaithe. (Ba chóir an ithir sa leaba a shaibhriú le haoileach nó múirín gairdín dea-lofa san fhómhar). Cuir na síológa 10cm óna chéile agus ná lig an meán fáis triomú.



Ag baint

Bain an biatais nuair a bhíonn siad thart ar mhéid liathróid gailf. Tarraing suas iad trí na duilleoga a ghabháil go daingean. Ansin déan iad a chasadh as ag fágáil thart ar 5cm de ghas atá ceangailte leis an mbiatas. Tá na duilleoga seo inite. Is féidir biatas a ithe amh i sailéid nó a chócaráil.

Sláinte agus Sábháilteacht

- ★ Nigh na lámha tar éis cur agus plandáil.
- ★ Nigh duilleoga agus biatas go maith sula n-itheann tú.

